
Tá sé ríthábhachtach go mbeadh taithí ag daltaí ar phatrúin a chóipeáil agus a leathnú sula dtabharfaí faoin ngníomhaíocht seo. Ar an gcaoi chéanna, ní mór go mbeadh ar a gcumas comhaireamh go 12; mura féidir, athraigh na huimhreacha. Déanann daltaí cuir síos ar gach ceann de na cruthanna thíos agus ainmníonn siad iad agus iad ag baint úsáide as na hairíonna atá ar eolas acu do gach ceann díobh. D'fhonn cur leis an ngníomhaíocht seo, d'fhéadfadh daltaí teacht aníos le fadhb cosúil leis dá gcomhdhaltaí.




*Bhí Cáit ag spraoi le roinnt cruthanna 2-T. Thosaigh sí ag déanamh patrúin leo agus leag sí na chéad trí chruth amach mar aon leis an séú ceann.*
*Cad é an dara cruth déag sa phatrún?*
*Labhair le do chomhdhalta agus déan iarracht a dhéanamh amach cén cruth a bheadh ann agus cé na hábhair a d'fhéadfadh sibh a úsáid chun cuidiú libh.*
*An dóigh libh go bhféadfadh sé gur triantán a bheadh sa dara cruth déag? Cén fáth?*
*Cén bealach a ndearna tú é sin amach?*
*Abair é sin i bhfocail eile, a Shéamuis.*
*An ndearna aon bheirt agaibh é ar bhealach eile?*
*Déan cuntas den phatrún go pictiúrtha anois.*




Cuideoidh Leibhéal B.8 de 'Maths Trails' chun an fhoghlaim a threisiú sa leibhéal seo.